C/2026/2993

1.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12412 — INCHCAPE / SILVER STAR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2993)

1. An 22 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Inchcape International Holdings Limited ('Inchcape', an Ríocht Aontaithe),

— Silver Star Motors EAD, Silver Star Retail EAD, Silver Star Premium Mobility EAD, agus Silver Star Real Estate EOOD (le chéile, 'Silver Star', an Bhulgáir), faoi rialú Silver Star Motors Holding Limited (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Inchcape rialú aonair ar Silver Star de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta ilnáisiúnta mótarfheithiclí é Inchcape a mhargaíonn brandaí Toyota agus Lexus ar an leibhéal mórdhíola agus miondíola; dáileann sé feithiclí caite; agus gníomhaíonn sé mar bhróicéir árachais,

— Is é Silver Star an dáileoir ginearálta sa Bhulgáir don bhranda Mercedes-Benz, agus tá sé freagrach as mórdhíol agus miondíol ar fud na tíre.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12412 — INCHCAPE / SILVER STAR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.